Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13824/18**

**COASI 259**
**ASIE 60**
**CFSP/PESC 1051**
**CSDP/PSDC 661**
**RELEX 968**
**COHOM 144**
**COTER 161**
**DEVGEN 212**
**WTO 295**
**MIGR 191**
**TRANS 553**
**CLIMA 226**
**CONOP 105**
**COPS 435**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13822/18 |
| Ábhar: | An Phacastáin<br>- Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3652ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 19 Samhain 2018.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin

1. Is díol sásaimh don Aontas na holltoghcháin a bhí ar siúl i mí Iúil 2018 in ainneoin na ndálaí dúshlánacha. Molann an tAontas na feabhsuithe a rinneadh ar an gcreat dlí toghcháin, i gcomhréir le cuid de na moltaí a rinne misean breathnóireachta 2013 an Aontais um thoghcháin (EU EOM). Tá aiféala ar an Aontas, áfach, nár ligeadh do EU EOM 2018 a shainordú a chur i gcrích ar bhealach leordhóthanach. Molann an tAontas d'údaráis na Pacastáine aird a thabhairt ar thuarascáil deiridh EU EOM 2018 agus ar na moltaí atá inti chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus feabhas a chur ar an gcóras toghcháin.

2. Tá an tAontas sásta oibriú le rialtas nua na Pacastáine chun tacú leis sna hiarrachtaí atá á ndéanamh aige athchóirithe sóisialta agus eacnamaíocha a chur chun tosaigh, rochtain ar oideachas á áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an míchothromaíocht trí dhea-rialachas agus trí urraim don smacht reachta.

3. Déantar cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint mar chuid lárnach de chaidreamh an Aontais leis an bPacastáin. Áitíonn an Chomhairle ar an bPacastáin a gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus gan dhá leath a dhéanamh dá dícheall i ndáil leis sin. Díríonn an tAontas aird faoi leith ar shaoirse reiligiúin nó creidimh, ar na mí-úsáidí a bhaintear as an dlí maidir le blaisféim, ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meáin, ar an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta, ar chearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus ar chearta an duine a bheith á dteachtadh ina n-iomláine ag mná agus ag cailíní. Molann an tAontas don rialtas cearta an duine a urramú agus a chosaint ina n-iomláine. Tá ról tábhachtach ag sochaí bhríomhar shibhialta agus ag lucht léinn maidir le sochaí dhaonlathach thrédhearcach fhreagrach a chur chun cinn agus maidir le tacaíocht a thabhairt don tsochaí sin. Molann an tAontas go mór don Phacastáin an moratóir a chur i bhfeidhm arís mar an chéad chéim i dtreo pionós an bháis a chealú. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Phacastáin i ndáil lena hoibleagáidí maidir le cearta an duine a chur chun feidhme ina n-iomláine, an daonlathas a neartú agus an smacht reachta a chosaint.

4. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go tréan i gcomhar leis an bPacastáin agus an fhorbairt inbhuanaithe á saothrú aici. Ós amhlaidh atá, aithníonn an tAontas an ról tábhachtach atá ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) agus an chabhair a thugann siad chun go gcruthófaí sochaí sa Phacastáin ina dtabharfaí éisteacht do gach duine. Thug an tAontas dá aire agus is cúis imní dó na srianta a fhorchuirtear ar roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) atá ag obair ar thionscadail chomhair sa Phacastáin agus molann sé do rialtas na Pacastáine teacht ar réiteach chun go mbeidh siad in ann clárú agus a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích.

5. Mar cheann de na comhpháirtithe trádála is mó atá ag an bPacastáin, tuigeann an tAontas gur gá don tír éagsúlú a dhéanamh i ndáil lena honnmhairithe chun gur féidir léi an tairbhe is mó a bhaint as scéim na bhfabhar ginearálaithe (GSP+) agus as an tionchar dearfach atá ag an scéim sin ar gheilleagar na tíre. Tá sé fós riachtanach go ndéanfaí dul chun cinn mór maidir leis na 27 gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a chur chun feidhme faoi raon feidhme scéim na bhfabhar ginearálaithe le go mbeifí i gcónaí clúdaithe faoin gcóras fabhrach taraife. Ag féachaint do dhálaí trádála agus infheistíochta, molann an tAontas don Phacastáin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha atá fós ann agus é a dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh. Mar thosaíocht, ba cheart don Phacastáin cothrom na Féinne a áirithiú do ghnó agus d'infheistíochtaí ón gcoigríoch.

6. Is mian leis an Aontas an comhar i réimse na slándála agus na cosanta a neartú agus tugann sé dá aire le teann sásaimh gur cuireadh an t-idirphlé i ndáil leis sin ar bun an athuair agus go bhfuil an t-idirphlé bliantúil maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus le neamhleathadh agus dí-armáil á thionól arís. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le tiomantas polaitiúil ardleibhéal na Pacastáine oibriú leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, go háirithe trí an bplean gníomhaíochta atá le cur chun feidhme faoi mhí Mheán Fómhair 2019, agus ar an tábhacht a bhaineann lena bheartais maidir le maoiniú na frithsceimhlitheoireachta agus le frithsciúradh airgid a neartú agus a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, molann an tAontas don Phacastáin a dícheall a dhéanamh na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach ó thaobh sábháilteacht agus slándáil núicléach, chomh maith le ról cuiditheach a ghlacadh sa phlé maidir le dí-armáil iltaobhach, agus na conarthaí agus na tionscnaimh ábhartha maidir le neamhleathadh, amhail an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha, a dhaingniú nó a bheith mar chomhpháirtí sa Chonradh.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht a leagann sí ar chomhar níos fearr leis an bPacastáin i réimse na himirce, go háirithe d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir le filleadh agus athligean isteach níos gasta, ath-lánpháirtiú na ndaoine sin a fhilleann agus an comhrac in aghaidh smuigleáil imirceach agus na gáinneála ar dhaoine, mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Phacastáin, ar comhaontú é ba cheart a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Ag tabhairt dá haire di an fógra ó Phríomh-Aire na Pacastáine i mí Mheán Fómhair 2018, molann an Chomhairle don Phacastáin bearta nithiúla a dhéanamh chun feabhas a chur ar stádas dlíthiúil dídeanaithe ón Afganastáin atá ar a críoch. Tacaíonn an tAontas le cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar chás na náisiúnaigh easáitithe ón Afganastáin - cur chuige lena gcomhlíontar an dlí idirnáisiúnta agus lena n-urramaítear cearta an duine ina n-iomláine.

8. Tá an tAontas ag súil le leanúint de bheith ag obair leis an bPacastáin ar mhaithe leis an gcomhar cuimsitheach réigiúnach a chothú, lena n-áirítear sin a dhéanamh faoi scáth Chomhlachas na hÁise Theas um Chomhar Réigiúnach. Molann an tAontas go láidir don Phacastáin a rannpháirtíocht sna tionscnaimh chuiditheacha a dhlúthú chun tacú leis an tsíocháin san Afganastáin agus a hiarrachtaí maidir le comhar le tíortha comharsanachta a threisiú, rud a chuideodh leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Ní mór don Phacastáin a áirithiú nach mbainfidh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ná a gcuid líonraí leas as a críoch mar thearmann sábháilte. Is díol sásaimh don Aontas an caidreamh déthaobhach idir an Afganastáin agus an Phacastáin, agus na tionscnaimh lena ndírítear ar idirphlé a chothú idir údaráis reiligiúnacha ón dá thír, agus iarrann sé go gcuirfí an Plean Gníomhaíochta um Shíocháin agus um Dhlúthpháirtíocht idir an Afganastáin agus an Phacastáin chun feidhme. Cé go mbeifear ag díriú go príomha ar athchóirithe na hAfganastáine don fhorbairt agus don rialachas, is deis mhaith a bheidh sa Chomhdháil Aireachta a thionólfar sa Ghinéiv ar an 27/28 Samhain 2018 don Phacastáin chun a athdhearbhú go dtacaíonn sí ar bhonn polaitiúil leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht san Afganastáin. Chomh maith leis sin, iarrann an tAontas ar an bPacastáin agus ar an India dul i mbun an idirphlé dhéthaobhach an athuair chun go réiteofar na saincheisteanna atá fós ann ar bhealach síochánta.

9. I gcomhréir le Conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2018 ón gComhairle maidir le "An Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile", tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair leis an bPacastáin maidir le nascacht inbhuanaithe mar rannchuidiú dearfach don chobhsaíocht réigiúnach, don rathúnas agus don fhorbairt. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé nascacht chuimsitheach riailbhunanithe a chur chun cinn, a bheidh inbhuanaithe go sóisialta agus go fioscach agus ó thaobh an chomhshaoil de, agus ar a thábhachtaí atá sé bonneagar ar ardchaighdeán a chur ar fáil bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta.

10. Aithníonn an Chomhairle leochaileacht na Pacastáine ó thaobh na hathraithe aeráide de agus molann sí do rialtas na tíre dlús a chur lena hiarrachtaí Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go hiomlán agus go mear.

11. Tá an tAontas ag súil lena chreat don chaidreamh leis an bPacastáin a neartú, tríd an bPlean nua maidir leis an Rannpháirtíocht idir an tAontas agus an Phacastáin a shíniú a luaithe is féidir. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil rialta a thabhairt maidir le cur chun feidhme an phlean sin.